Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Samhain 2022
(OR. en)

14458/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0342(NLE)

TRANS 688
COWEB 145
ELARG 96
FIN 1189

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE a mhéid a bhaineann leis an athbhreithniú ar na rialacha airgeadais don Chomhphobail Iompair |

**CINNEADH (AE) 2022/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**a mhéid a bhaineann leis an athbhreithniú ar na rialacha airgeadais don Chomhphobail Iompair**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 agus Airteagal 100(2), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Shínigh an tAontas an Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (‘TCT’) i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2017/1937 ón gComhairle[1].

(2) Formheasadh TCT thar ceann an Aontais Eorpaigh an 4 Márta 2019[2] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019.

(3) Bunaíodh an Coiste Stiúrtha Réigiúnach faoi TCT chun TCT a riar agus a chur chun feidhme mar is cuí. Ceanglaítear le TCT go nglacfaidh an Coiste Stiúrtha Réigiúnach rialacha maidir le cur i bhfeidhm an bhuiséid agus maidir le cuntais a thíolacadh agus a iniúchadh.

(4) Tá an Coiste Stiúrtha Réigiúnach le cinntí a ghlacadh go luath maidir leis an athbhreithniú ar rialacha airgeadais agus nósanna imeachtaí iniúchóireachta is infheidhme maidir leis an gComhphobal Iompair.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Stiúrtha Réigiúnach a bhunú, óir tá na cinntí sin riachtanach do dhea-fheidhmiú Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair, agus beidh siad ina gceangal ar an Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Cinneadh ón gComhairle (AE) 2017/1937 an 11 Iúil 2017 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (IO L 278, 27.10.2017, lch. 1).

[2] Cinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle an 4 Márta 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (IO L 71, 13.3.2019, lch. 1).

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann leis an athbhreithniú ar na rialacha airgeadais is infheidhme maidir leis an gComhphobal Iompair, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gCoiste Stiúrtha Réigiúnach atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Féadfaidh ionadaithe an Aontais sa Choiste Stiúrtha Réigiúnach toiliú le mionathruithe ar an dréachtchinneadh gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*